Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7430/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0423(COD)**

**CODEC 474**
**CLIMA 148**
**ENV 251**
**TRANS 162**
**MI 262**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1242 a mhéid a bhaineann le ríomh na gcreidmheasanna astaíochta i gcás feithiclí tromshaothair le haghaidh thréimhsí tuairiscithe na mblianta 2025 go 2029 **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**D'iarr Málta go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Is mian le Málta béim a leagan ar na srianta struchtúracha a bhaineann lena mhargadh feithiclí tromshaothair. Toisc gur margadh an-bheag é, a bhíonn ag brath go hiomlán ar allmhairí agus ag oibriú go heisiach le feithiclí tiomána deisil, níl ach acmhainneacht theoranta ag Málta tionchar a imirt ar shlabhraí soláthair nó tairbhe a bhaint as barainneachtaí scála.

Sa chomhthéacs sin, cé go dtuigeann Málta gur gá solúbthacht spriocdhírithe a thabhairt isteach do mhonaróirí, molann sé go ndéanfaí dlúthfhaireachán ar infhaighteacht feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha i ngach Ballstát agus athdhearbhaíonn sé a thábhachtaí atá sé féachaint ar bhearta tacaíochta comhlántacha atá dírithe ar an éileamh, chun glacadh na bhfeithiclí a éascú i gcás ina bhfuil barainneachtaí scála teoranta fós. Chuideodh na bearta sin lena áirithiú go ndáilfí tairbhí an aistrithe go cothrom ar na Ballstáit ar fad agus nach bhfágfaí aon Bhallstát ar lár.

Tá Málta lántiomanta i gcónaí cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach agus tá sé faoi réir leanúint de bheith ag obair ar bhealach cuiditheach leis an gCoimisiún agus le comhpháirtithe eile chun a áirithiú go mbeidh an t-aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha uaillmhianach agus cuimsitheach.

**D'iarr an tSlóvaic go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Tacaíonn Poblacht na Slóvaice le glacadh an athbhreithnithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2019/1242 agus molann sí go nglacfaí go pras é gan a thuilleadh leasuithe a dhéanamh air.

Ag an am céanna, leagann sí béim, i gcás inarb iomchuí, ar an ngá atá le machnamh a dhéanamh ar athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh, níos luaithe ná an sprioc atá beartaithe (2027), ar na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ i gcás feithiclí tromshaothair.